

LEABHRÁN EOLAIS DON IARRTHÓIR
AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS (FTO)
COMHLACH TAIGHDE LE GAEILGE LÍOFA (LABHARTHA AGUS SCRÍOFA) (BUAN)

Cúlra

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966. D'fhoilsigh sé a plean straitéiseach reatha in Aibreán 2022. Tá déchúram aige trialacha agus tacaíochtaí a sholáthar do na tástálacha seo do scoileanna mar aon le taighde oideachasúil agus staidéir mheastóireachta a dhéanamh. Ón samhradh 2020, tagann an FTO faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is féidir an clár oibre a roinnt ina seacht snáithe (le tuilleadh eolais ar fáil ag www.erc.ie):

1. Maoirseacht, seachadadh agus tuairisciú náisiúnta ar mheasúnuithe idirnáisiúnta ar mhórsála
2. Bainistíocht, maoirseacht agus tuairisciú ar mheasúnuithe náisiúnta ar mhórsála
3. Cur le polasaí ar, agus meastóireacht a dhéanamh maidir le, míbhuntáiste oideachais
4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (i bhformáidí páipéir agus ar líne araon)
5. Meastóireacht cláir
6. Tacaíocht don anailís ar shonraí
7. Taighde a tionscnaítear go neamhspleách.

Tá príomhfhoirgneamh an FTO lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), Campas Choláiste Phádraig, i nDroim Conrach agus tá Rannóg na dTrialacha in aice láimhe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach. Fostaíonn an FTO thart ar 40 ball foirne a bhíonn ag obair le chéile i mbuíonta beaga comhoibrithe. Tá foireann riaracháin agus foireann bainistíochta sinsearaí an FTO ann chun tacú leis an obair, comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, Ceann Rialachais agus Seirbhísí Corporáideacha, taighdeoirí sinsearacha (Comhaltaí Taighde), riarthóirí sinsearacha agus bainisteoir TF. Bíonn an FTO i dteagmháil le rannóga éagsúla den Roinn Oideachais agus le gníomhaireachtaí eile agus é i mbun a thionscadail taighde, agus bítear páirteach i raon coistí comhairleacha agus stiúrtha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Sonraíocht Poist

Is mian leis an bhForas Comhlach Taighde a cheapadh anois chun obair ar Fhorbairt Trialacha. . Tuairisceoidh an iarrthóir rathúil do Chomhalta Taighde. Tá tuilleadh eolais ar chlár oibre reatha an Fhorais ar fáil ag www.erc.ie.

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an ERC painéal nó painéil a chruthú as a ndéanfar folúntais chomhchosúla a bhaineann le measúnú ar scála mór, staidéir mheastóireachta agus/nó forbairt trialacha a líonadh amach anseo. Clúdóidh na painéil poist bhuana, théarma seasta agus poist shainchuspóra. Tá gach post faoi réir tréimhse phromhaidh a chríochnú go sásúil.

I measc phríomhghnéithe an róil tá:

- Pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla d'fheidhmiú an staidéir (forbairt, píolótú, sampláil, obair allamuigh, próiseáil sonraí, anailís agus tuairisciú).
- Teagmháil a dhéanamh le scoileanna, tuismitheoirí, speisialtóirí ábhair agus páirtithe leasmhara ag céimeanna éagsúla den staidéar.
- Bheith páirteach in anailís agus scríbhneoireacht ar raon ábhar lena n-áirítear, ar nós, lámhleabhair riaracháin/teagasc agus tuarascálacha/páipéir ar thorthaí staidéir.
- Uirlisí a ullmhú nó a oiriúnú (m.sh., tástálacha, ceistneoirí) le húsáid i dtionscadail.
- Freastal ar chruinnithe tionscadail náisiúnta/idirnáisiúnta agus ionchur a bheith iontu.
- Obair riaracháin ghinearálta do thionscada(i)l sannta a chomhordú agus a mhonatóireacht.
- Maoirsiú agus meantóireacht a dhéanamh ar obair chúntóirí taighde agus ar fhoireann shealadach/ócáideach agus tacú leo.
- Monatóireacht agus athbhreithniú éifeachtach ar bhuiséad agus ar riosca tionscadail.
- Teagmháil éifeachtach leis an bhfoireann riaracháin agus leis an bhfoireann bainistíochta de réir mar is gá.
- Cuidiú le bainistiú bunachair sonraí.
- Cuardach litríochta agus léirmheasanna a dhéanamh.
- Gníomhaíochtaí próiseála sonraí agus códaithe sonraí a dhéanamh.
- Anailís staitistiúil a dhéanamh (m.sh., ag baint úsáide as SPSS).
- Tacaíocht a sholáthar do thionscadail eile an Fhorais de réir mar is gá (m.sh., ábhair a aistriú go Gaeilge nó athbhreithniú a dhéanamh ar aistriúcháin).
- Aon dualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a chomhlíonadh.

Nuair a bhíonn na dualgais á gcomhlíonadh, beidh ar chumas iarrthóirí a léiriú gur féidir leis/léi:

- Éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a g(h)ar-réimse féin a mheas, agus de réir thosaíochtaí agus straitéis na heagraíochta.
- Ceisteanna casta a thuiscint go tapa, sonraí á ghlacadh agus á mheas go cruinn.
- Snáitheanna éagsúla eolais a chomhtháthú, idirghaoil agus idirspéachais á n-aithint.
- Úsáid éifeachtach a bhaint as scileanna agus teicnící bainistíochta tionscadail chun torthaí a sheachadadh, lena n-áirítear rioscaí a aithint agus gníomhartha a mhaolú.
- Breithiúnas a úsáid chun cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha.
- Obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta maidir le tábhacht, scálaí ama agus srianta eile ar acmhainní, ag atheagrú na dtosaíochta arís i bhfianaise cúinsí athraitheacha.
- A dheimhniú go bhfuil cáilíocht agus cruinneas lárnach san obair.
- Ceisteanna a iniúchadh go criticiúil le breathnú conas mar is féidir iad a fheabhsú.
- Eolas a chur i láthair go muiníneach, loighciúil agus go díongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn.
- Díospóireachtaí oscailte agus cuiditheacha a spreagadh maidir le ceisteanna oibre, agus taithe a roinnt chun modhanna oibre níos éifeachtúla a fhorbairt.
- Foireann a bhainistiú go héifeachtach, trí chumarsáid shoiléir oscailte, bainistíocht feidhmíochta éifeachtach agus soláthar oiliúna agus tacaíochta.
- Slándáil agus rúndacht sonraí agus eolas an eagrúcháin a bhainistiú.

Spreagfar an t-iarrthóir rathúil chun páirt a ghlacadh in oiliúint agus in uas-sciliú chun leibhéal eolais agus saineolais a chothabháil agus a fheabhsú.

Tabhair aird

Tá an tsonraíocht poist seo beartaithe mar threoir bhunúsach do raon feidhme agus do fhreagrachtaí an phoist. D'fhéadfadh sé athrú ag brath ar an/na tionscada(i)| dá sannfar an sealbhóir poist. Tá sé faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh a eascróidh de réir chleachtais agus fheidhmeanna an FTO atá ag síorathrú. Beifear ag súil le hardleibhéal solúbthachta.

Riachtanais

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí a bheith faoi cheann amháin (nó níos mó) de na cúig chritéar thíos ar an dáta a gcuirtear an t-iarratais isteach:

- Saoránach de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa. Cuimsíonn an LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Saoránach de chuid an RA faoi chosaint an Chomhlimistéar Taistil
- Saoránach de chuid na hÚcráine a bhfuil litir faighte aige/aici ag deimhniú gur deonaíodh Cosaint Shealadach faoin Treoir AE
- Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Saoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil stampa 4 aige/aici; nó
- Duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ar aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil stampa 4 aige/aici; nó
- Saoránach neamh-LEE atá mar thuismitheoir nó leanbh cleithiúnach ag saoránach de bhallstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil cónaí air nó uirthi i mballstát LEE agus a bhfuil stampa 4 aige/aici.

Riachtanais Éigeantacha an Duine

Ba chóir don iarrthóir na riachtanais seo go léir a chomhlíonadh ag an am a chuirtear an t-iarratais isteach (déanfar freagraí ar na riachtanais seo a mheas ag céim an ghearrliostaithe agus/nó an agallaimh):

- Céim sa Ghaeilge, san oideachas, sa tsíceolaíocht nó i ndisciplín gaolmhar (m.sh., aistriúchán, staitisticí, anailísíocht sonraí, eolaíocht shóisialta).
- Inniúlacht láidir (CEFR/TEG Leibhéal C2) sa Ghaeilge labhartha agus scríofa.
- Eolas ar chóras oideachais na hÉireann agus ar thaighde oideachais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
- Eolas ar fhorbairt agus/nó úsáid trialacha caighdeánaithe (m.sh., Gaeilge, Béarla nó matamaitic).
- Scileanna láidre TF (go háirithe: eolas maith oibre ar MS Office agus taithí ar obair le scarbhileog/bunachar sonraí agus bogearraí staidrimh) agus an cumas foghlaim conas bogearraí núíosacha/saincheaptha a úsáid go tapa.

- Taithí ar riarachán nó bainistíocht tionscadail ar staidéir mhórsála san oideachas nó i réimsí dá leithéid sin.
- Sárscileanna pleanála, eagraíochtúla agus cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn, go háirithe an cumas a bheith i dteagmháil go héifeachtach agus go cáiréiseach, i nGaeilge agus i mBéarla, le raon páirtithe leasmhara.
- Cumas oibriú as a stuaim féin agus oibriú mar chuid d'fhoireann
- Cur chuige fócasaithe, solúbtha agus comhoibritheach maidir le spriocdhátaí tionscadal a shásamh.
- Fianaise ar shárchumas scríbhneoireachta, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon
- Fianaise ar éifeachtacht phearsanta láidir, solúbthacht agus réiteach fadhbanna.
- Scileanna láidre pleanála agus eagrúcháin cruthaithe.
- Díriú airde an-ard ar mhionsonraí.

Áirítear i measc na scileanna pearsanta riachtanacha don ról seo aird-dhíriú ar mhionsonraí, tiomáint agus tiomantas, an cumas éilimh tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú, stíl oibre chomhoibritheach, agus cur chuige oscailte agus solúbtha i leith réiteach fadhbanna.

Taithí, Scileanna agus Tréithe Inmhianaithe (*déanfar freagraí ar na riachtanais seo a mheas ag céim an ghearrliostaithe agus/nó an agallaimh*)

Bheadh sé an-bhuntaisteach ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith ag an iarrthóir (ag an am a chuirtear an t-iarratas isteach):

- Iarchéim go leibhéal Máistreachta nó PhD san oideachas, sa tsíceolaíocht nó i ndisciplín gaolmhar (m.sh., staitisticí, anailísíocht sonraí, eolaíocht shóisialta).
- Taithí ar ábhair atá so-úsáidte do leanaí a dhearadh (mar shampla, bileoga eolais, bileoga gníomhaíochta).
- Taithí i bhforbairt agus dearadh trialacha/ceistneoir.
- Cumas nó taithí léirithe ar anailís agus tuairisciú scríofa ar shonraí.
- Cumas/taithí léirithe i mbainistiú foirne staidéir taighde.
- Taithí ar fheidhmchláir bhunachar sonraí a úsáid agus a bhainistiú (ar nós Microsoft Access).
- Tuiscint mhaith ar phríomhchoincheapa agus ar phrionsabail samplála agus ualaithe suirbhéanna.
- Taithí ar scileanna anailíse staitistiúla (i.e. SPSS nó bogearraí comhchosúla a úsáid) agus/nó eolas ar shícméadracht (m.sh. teoiric na trialach clasaiceach, teoiric freagartha míre).
- Toilteanas taisteal anois is arís go náisiúnta (réigiúnach) agus/nó go hidirnáisiúnta chun freastal ar chruinnithe tionscadail.
- Ceadúnas tiomána glan iomlán reatha
- Fáil ar charr do thaisteal ó am go ham a bhaineann leis an obair.

I ndiaidh na hearcaíochta, cruthófar painéil d'iarrthóirí rathúla. Déanfar ceapacháin do phoist le riachtanais den chineál céanna ar bhonn buan, téarma seasta nó cuspóra shonraithe ag brath ar fholúntais a thagann chun cinn. Fanfaidh na painéil i bhfeidhm ar feadh 12 mhí ó dháta a cruthaithe agus féadfar iad a athnuachan uair amháin do thréimhse 6 mhí eile.

Téarmaí fostaíochta

Scála Tuarastail

Déanfar an ceapachán ar Scála Chomhlaigh Taighde an FTO (€52,166 - €76,219) sa stáit seirbhís (Scála Ranníocaíochta Pinsean Pearsanta (PPC) ag Deireadh Fómhair 2022 ag pointe atá de réir Pholasáí Pá reatha an Rialtais, agus iontrálaithe nua ag tosú ag an gcéad phointe den scála. D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist má tharlaíonn, díreach roimh an gceapachán, go mbíonn an t-iarrthóir rathúil ag feidhmiú mar státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí.

Pinsean

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí, mar a bhí i réim san FTO ag am an cheapacháin, a ofráil don iarrthóir rathúil. Ar an iomlán, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí neamh-aonair) don 26 seachtain roimh cheapachán, ciallaíonn sé sin ballraíocht i Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Sa chás deireanach, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt eisceachtaí i gceist.

Láthair Oibre

Beidh an ceapaí don ról seo lonnaithe i bpríomhoifig an FTO, i nDroim Conrach, Baile Átha Cliath. Tá an FTO i mbun Polasáí Oibre Cumaisc a fhorbairt ina gceadófar roinnt roghanna cianoibre do bhaill foirne. Beidh na roghanna cianoibre ag brath ar iarratas a bheith curtha isteach ag na hiarrthóirí agus ag brath ar riachtanas an tionscadail ábhartha. Nuair a bhíonn an ceapaí as láthair ón mbaile agus ón láthair oibre ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe cuí leis an gceapaí, de réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse/na hearnála poiblí.

Tionacht

I gcás cheapacháin chuig post buan nó sealadach leis an FTO beidh tréimhse phromhaidh ag an gceapaí, a mhairfidh 6 mhí de ghnáth. Má tharlaíonn ag am ar bith le linn na tréimhse seo nach mbíonn an ceapaí oiriúnach do cheapachán deiridh cuirfear críoch leis an bhfostaíocht.

Uaireanta oibre

Ní bheidh na huaireanta oibre níos lú ná 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an gceapaí pé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh go cuí faoi réir na dteorainneacha mar atá sna rialacháin ama oibre.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach go leictreonach. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta agus an am dúnta.

IS É AM DÚNTA AGUS SPRIODHÁTA d'IARRATAIS NÁ: 1.00pm (am na hÉireann), Dé Luain 23 Eanáir 2023.

Caithfear iarratais a chur isteach i nGaeilge ach moltar d'iarratasóirí leagan Béarla a chur isteach freisin.

Caithfear iad seo a bheith leis an iarratas:

1: Litir chlúdaigh ghairid **nach mó ná 2 leathanach** (íosmhéid cló 11) ag míniú an fáth go bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost agus an chaoi ina dtagann do thaithí le **Riachtanais Éigeantach an Duine** agus, mar is infheidhme, **an Taithí, na Scileanna agus na Tréithe Inmhianaithe** don post.

2: CV cothrom le dáta **nach mó ná ceithre leathanach** ar fhad a chuimsíonn ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir ghutháin agus ríomhphost) **beirt mholtóirí**. (**Ní rachfar** i dteagmháil le moltóirí gan cead a bheith faighte roimh ré ón iarrthóir.)

D'fhéadfadh go n-éileoidh poist taighde cuairteanna ar scoileanna agus beidh ar iarrthóirí rathúla tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do na ról sin. Tá aon tairiscint d'iarrthóirí rathúil faoi réir Grinnfhiosrúchán an Gharda iomlán agus glan a ghnóthú agus coimeádann an FTO an ceart chun aon tairiscint fostaíochta a tharraingt siar nó deireadh a chur le haon chonradh fostaíochta má theipeann ar iarrthóirí rathúil Grinnfhiosrúchán Garda iomlán agus glan a ghnóthú. Ba chóir go dtuigfeadh iarrthóirí rathúla, agus mar a fhoráilfear sa chonradh fostaíochta, go bhféadfaidh an FTO an conradh fostaíochta a fhoirceannadh don ról má theipeann ar an duine sin Grinnfhiosrúchán iomlán agus glan an Gharda a sholáthar ag aon am le linn ceapacháin.

Caithfear gach doiciméad a chur isteach i bhformáid Word nó PDF.

Ní ghlacfar, ar chúiseanna slándála, le comhaid a sheoltar trí ríomhphost mar naisc chuig cáipéisí i bhfreastalaithe roinnte scamall-bhunaithe, ar chúiseanna slándála.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas chuig vacancies@erc.ie laistigh de 24 uair an chloig ón uair a dhéantar an t-iarratas, déan teagmháil lenár n-oifigeach AD, Hertz O'Flynn ag hertz.oflynn@erc.ie. Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 arna leasú, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Eolas Eile

Cumarsáid

Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig an seoladh ríomhphoist a sholáthraítear le d'iarratas. Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid á fháil acu ón FTO. Moltar d'iarrthóirí a ríomhphoist a sheiceáil go rialta le linn tréimhse an chomórtais. Ina theannta sin, is cóir d'iarrthóirí na fillteáin bruscair/turscair a sheiceáil ar eagla go ndéantar aon ríomhphoist a

scagadh trí thimpiste. Ní bheidh aon fhreagracht ar an FTO maidir le cumarsáid nach n-éiríonn leis an iarrthóir a rochtain nó a fháil.

Modh Roghnúcháin

D'fhéadfadh go ndéanfar iarrthóirí a ghearrliostú sa roghnú bunaithe ar an eolas san iarratas. Déanfaidh Bord Agallaimh saineolaithe na hiarratais a iniúchadh de réir na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist. D'fhéadfadh go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo i gceist leis an modh roghnúcháin:

- Gearrliostú bunaithe ar litir chumhdaigh, agus CV
- Agalla(i)mh
- Cur i láthair nó aon trialacha nó cleachtaí eile a shíltear a bheith iomchuí
- Triail teanga/cumarsáide (ó bhéal agus/nó i scríbhinn).

Má bhíonn Gaeilge riachtanach do phost, féadfar cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí gearrliosta measúnú ar leithligh a dhéanamh i nGaeilge (scríofa agus/nó ó bhéal), mar aon le hagallamh.

Beidh cuireadh chuig agallaimh ag na hiarrthóirí ar an ngearrliosta agus tarlóidh siad seo tar éis an spriocdháta. Cuirfear tuilleadh eolais agus treoirínite faoin bpróiseas roghnúcháin ar fáil d'iarrthóirí ar an ngearrliosta seachtain amháin ar a laghad roimh an agallamh chun ullmhúchán a éascú.

Eiseofar fógra faoi dháta agus am an agallaimh chuig na hiarrthóirí ar an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a bhíonn luaite ag an FTO agus is cóir a chinntiú go mbíonn na sonraí teagmhála a thugtar ar a n-iarratas ceart.

Ní bheidh iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar aon ghné eile nuair a iarrann an FTO a leithéid agus san áit a iarrtar, nó nach soláthraíonn cibé eolas eile ar aon ábhar a éilíonn an FTO maidir lena n-iarrthóireacht i dteideal aon bhreithniú breise.

Coimeádann an FTO an ceart aige féin agallaimh a dhéanamh ar líne go cianda nó duine le duine de réir mar is gá, agus a éileamh ar iarrthóirí freastal ar an dara hagallamh agus / nó measúnuithe nó trialacha breise a dhéanamh de réir mar a shíltear iomchuí agus riachtanach i ndiaidh an chéad agallaimh.

Déanfar an post a ofráil don iarrthóir a roghnaítear faoi réir tagairtí sásúla ó mholtóirí. **Ní rachfar** i dteagmháil le moltóirí gan cead a bheith faighte roimh ré ón iarrthóir.

Painéal

Ag eascairt as an gcomórtas seo, féadfaidh an FTO painéal a chruthú óna bhféadfar folúntais den chineál céanna a líonadh sa todhchaí. Má chruthaítear painéal, coimeádann an FTO an ceart nach ndéanfar ach líon áirithe a chur ar an bpainéal sin. Ní deimhniú ar cheapachán poist é má bhítear cáilithe agus curtha ar an bpainéal.

Ní bheidh aon cheart ar phost ag iarrthóirí nach gceapfar ar dhul in éag don phainéal (12 mhí tar éis a chruthú sa chás seo le féidearthacht sé mhí breise) toisc go rabhadar ar an bpainéal.

A luaithe a dhiúltaítear ceapacháin do chuspóir sonraithe nó do théarma shocraithe, féadfaidh an t-iarrthóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag, do phoist bhuana amháin (is é sin, ní dhéanfar cuspóir sonraithe ná téarma seasta a ofráil don iarrthóir).

A luaithe a ghlacfaidh iarrthóir le tairiscint ceapacháin chuig cuspóir sonraithe nó do théarma shocraithe, féadfaidh an t-iarrthóir fanacht ar an bpainéal go dtí go rachaidh an painéal in éag d'aon cheapachán cuspóir sonraithe nó téarma shocraithe a thagann chun cinn.

A luaithe a ghlacfaidh nó a dhiúltaíodh iarrthóir le tairiscint ceapacháin chuig post buan, ní fhanfaidh an t-iarrthóir ar an bpainéal atá i gceist agus féadfaidh an FTO duine eile a roghnú do cheapacháin bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin. Cuirfear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil d'iarrthóirí rathúla.

Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh an FTO freagrach as aon chostais a bhíonn ar iarrthóirí. Ní hionann duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun agallaimh a thabhairt do dhuine, nó toradh rathúil a fhógairt, agus a thabhairt le fios go bhfuil an FTO sásta go sásaíonn a leithéid de dhuine riachtanais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí don phost agus níl ráthaíocht ann go leanfar le d'iarratas a chur san áireamh.

Tá sé tábhachtach d'iarrthóirí, dá réir sin, a bheith san airdeall go sásaíonn siad riachtanais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn siad ar agallaimh. Mura gcomhlíontar bunriachtanais iontrála, ach go bhfreastalaíonn iarratasóirí mar sin féin ar agallamh, d'fhéadfaí costas neamhriachtanach a bheith curtha amú aige nó aici.

Sula ndéantar iarrthóir a mholadh don cheapachán sa phost seo, fiosróidh an FTO gach ní a shíltear a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a dheimhniú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní bheidh sé indéanta cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní bheifear ábalta a mheas ná a thuiscint go ndearnadh cinneadh dá leithéid. Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don phost, nó tar éis glacadh leis go scoiltear leis, agus má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord Agallaimh, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Léiríonn a bhfuil thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a bheidh sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003; RGCS (GDPR) 2018

Nuair a fhaightear foirm iarratais iarrthóra, cruthóidh an FTO taifead in ainm an iarrthóra, ina mbeidh cuid mhaith den eolas phearsanta a sholáthraítear. Is do phróiseáil an iarratais amháin a úsáidfeadh an taifead pearsanta seo agus má éiríonn leis an iarrthóir coimeádfar eolas áirithe don tréimhse amach anseo. Tá a leithéid d'eolas faoi réir chearta agus oibleagáidí na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018.

Chun éileamh a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 / RGCS 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig an Oifigeach um Chosaint Sonraí ag Data.Protection@erc.ie. Bí cinnte

go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas gur féidir na taifid ábhartha a aithint.

Tá an FTO tiomanta d'fhoireann den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun fórsa oibre éagsúlaithe, tacúil, nuálach agus cuimsitheach a fhorbairt.

Cuireann an FTO timpeallacht oibre solúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach ar fáil, tacaítear le comhionannas deiseanna, éagsúlacht agus cuimsiú agus spreagtar ó ghrúpaí tearcionadaíochta chun iarratais a dhéanamh.

.

Is féidir le hiarrthóirí a dteastaíonn freastal réasúnta uathu leis an bpróiseas iarratais nó agallaimh teagmháil a dhéanamh leis an FTO ar aon cheann de na bealaí seo a leanas (agus aird á tabhairt ar spriocdháta an iarratais):

- ✓ Ríomhphost hr@erc.ie (luaigh an post ar a bhfuil tú ag déanamh iarratais).
- ✓ Glaoigh ar 01 837 37 89 agus iarr labhairt le Hertz O'Flynn.
- ✓ Scríobh chuig: An Roinn AD, FTO, OCBÁC Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, D09 AN2F.

D'fhéadfaí iarradh ar iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as socruithe réasúnta gairmí sláinte a chur isteach chun cuidiú le socruithe oiriúnacha a chinneadh.